**FÓGRA POIBLÍ**

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (arna leasú) - Cuid XI**
**RIALACHÁIN UM PLEANÁIL & FORBAIRT, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

Tugtar fógra leis seo, de bhun fhorálacha Chuid XI, Alt 179 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus de réir cheanglais Chuid 8, Airteagal 81 agus Airteagal 83 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) go mbeartaíonn Comhairle Contae Chorcaí an fhorbairt seo a leanas a ghabháil ar láimh:

**Teideal an Tionscadail:Clós Súgartha Pháirc Síochána Bheanntraí**

| LÁTHAIR | CINEÁL & MÉID NA FORBARTHA | SUÍOMHANNA AGUS OIFIGÍ INAR FÉIDIR PLEANANNA AGUS SONRAÍ A INIÚCHADH |
|---|---|---|
| ***Láthair:*** *Clós Súgartha Pháirc Síochána Bheanntraí, An Bhaile Nua agus Lotaí an Bhaile, Beanntraí, Co. Chorcaí* | *Cuimsíonn forbhreathnú ar an bhforbairt atá beartaithe na heilimintí seo a leanas:*<br>• Clós súgartha nua, cuimsitheach, a shuiteáil laistigh de limistéar taitneamhachta atá ann cheana féin, ag Páirc na Síochána,<br>• Carrchlós beag coimhdeach a thógáil agus na hoibreacha talún go léir a bhaineann leis,<br>• Beidh an clós súgartha nua ann in ionad an chlóis súgartha atá ann cheana sa Bhaile Nua, Beanntraí. | 1. Tá na pleananna agus na sonraí scéime atá beartaithe ar fáil le breathnú orthu ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí trí dhul chuig an rannóg pleanála ag **www.corkcoco.ie**. |
| | | 2. Mura bhfuil tú in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis thuas, tá cóip de dhoiciméad na forbartha beartaithe ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn ó:-<br>- Oifigeach Ceantair Bhardasaigh, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Bhaile, 7 Sráid an Cheantaigh, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 HX67 |
| | | 3. Ar taispeáint don phobal ag:<br>- Oifig Innealtóirí Cheantar Bheanntraí, Cearnóg Wolfe Tone, Beanntraí, Co. Chorcaí P75 TD82, Fón: 027 50058. Luan go Aoine 9am-1pm, 2pm-5pm.<br>- Oifig Rannáin an Sciobairín, Teach na Cúirte, An Sciobairín, Co. Chorcaí P81 DX52, Fón: 028 21299. Luan go Aoine 9am-5pm |

Is féidir **Pleananna agus Sonraí** na forbartha atá beartaithe a iniúchadh **ar líne** nó ag na suíomhanna atá sonraithe thuas ó **Dé Luain, 1 Bealtaine 2023** go dtí **an Luan, 29 Bealtaine 2023.**

Féadfar **Aighneachtaí nó Tuairimí** maidir leis an bhforbairt bheartaithe, atá bainteach le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeidh an fhorbairt suite, a dhéanamh ag baint úsáide as an **bhfoirm aighneachta ar líne** ar www.yourcouncil.ie nó, i scríbhinn chuig **Oifigeach Ceantair Bhardasaigh, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Bhaile, 7 Sráid an Cheantaigh, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí, P85 HX67**, **ar nó roimh 4pm Dé Luain, 12 Meitheamh 2023**.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú), tá cinneadh scagtha Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) déanta agus cinneadh déanta **nach bhfuil gá le MTT.** De réir Airteagal 120 (3), arna leasú ag S.I. Uimh. 296 de 2018, féadfaidh duine, **laistigh de 4 seachtaine** ó dháta an fhógra seo (ar nó roimh **Dé Luain, 29 Bealtaine 2023**), iarratas a dhéanamh go dtí an Bord Pleanála chun cinneadh scagthástála a fháil maidir le cibé an dócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol. Ba cheart aighneacht dá leithéid a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, 1.

Ba cheart gach aighneacht nó breathnóireacht a mharcáil go soiléir:-

Teideal an Tionscadail: "**Clós Súgartha Pháirc Síochána Bheanntraí**" **Pleanáil Cuid 8**